C/2025/112

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Athbhreithniú ar Shásra Fionraíochta Víosaí an Aontais

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/112)

Rapóirtéir: **Ionuț SIBIAN (RO-III)**

Comhairleoir	Anca NICOVESCU, Comhairleoir an Rapóirtéara
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	30.11.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	25.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	250/0/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Aithníonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) na buntáistí a bhaineann le córas taistil gan víosa do shaoránaigh ar an dá thaobh de na socruithe sin agus na héifeachtaí dearfacha a bhaineann leis maidir le caidreamh an Aontais lena chomhpháirtithe a neartú tuilleadh. Ba cheart beartas víosaí an Aontais a bheith ina uirlis i gcónaí chun teagmhálacha idirphearsanta, an turasóireacht agus an gnó a éascú, agus rioscaí slándála don Aontas á gcosc freisin.

1.2. Ag an am céanna, aithníonn CESE go raibh tionchar as cuimse ag teagmhais gheopholaitiúla a tharla le déanaí ar shlándáil an Aontais agus ar a theorainneacha seachtracha. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE leis an smaoineamh gur cheart don Aontas a bheith go hiomlán ullamh chun freagairt go pras do raon leathan rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha.

1.3. Measann CESE gur cheart iarrachtaí a dhéanamh chun soiléiriú a thabhairt ar na critéir a bhaineann leis an sásra a thionscnamh agus, ag an am céanna, a áirithiú go bhfuil siad solúbtha go leor chun gur féidir iad a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go tapa i gcás inar gá.

1.4. Molann CESE don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá, ar an gcomhréireacht agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí, á gcur san áireamh caidreamh foriomlán an Aontais agus a Bhallstát leis an tríú tír lena mbaineann, a oiriúnaí a bheadh fionraíocht chun an cás a leigheas agus an tionchar a bheadh ag an bhfionraíocht sin ar chearta náisiúnaigh na tíre atá i gceist.

1.5. Creideann CESE gur cheart aird a thabhairt ar riachtanais soghluaisteachta chosantóirí chearta an duine, go háirithe má théann staid chearta an duine in olcas sa tríú tír atá i gceist, agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann dá gcuid oibre agus dá slándáil phearsanta dá dtionscnófaí an sásra fionraíochta i gcoinne a dtíre.

1.6. Measann CESE gur riosca do bheartas poiblí agus do shlándáil inmheánach na mBallstát iad scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí arb iad tríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu a oibríonn na scéimeanna sin agus measann sé gur cheart é a bheith indéanta an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do thríú tír a roghnaíonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí den sórt sin a oibriú, i gcás ina ndeonaítear saoránacht gan aon fhíornasc leis an tír lena mbaineann.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. ***Cúlra na tuairime***

2.1.1. Is cuid bhunriachtanach de *acquis* Schengen é beartas víosaí an Aontais agus tá sé ar cheann de na héachtaí is luachmhaire a baineadh amach le lánpháirtiú an Aontais. Faoi láthair, is féidir le náisiúnaigh ó 61 tríú tír tairbhe a bhaint as socruithe gan víosa san Aontas, rud a chiallaíonn gur féidir leis na náisiúnaigh sin dul isteach i limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachtaí suas le 90 lá in aon tréimhse 180 lá gan víosa. Tá beartas an Aontais gan víosa bunaithe ar phrionsabal na cómhalartachta víosaí.

2.1.2. Mar sin féin, agus méadú ag teacht ar na dúshláin a eascraíonn as an imirce neamhrialta, agus ar na bagairtí ar shlándáil an Aontais chomh maith, is léir go bhfuil gá le sásra coimirce i gcoinne mhí-úsáid na díolúine ón gceanglas víosa agus gur gá an sásra sin a neartú agus a fheabhsú a thuilleadh.

2.1.3. Tugadh an sásra fionraíochta isteach in 2013 ionas go bhféadfaí an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí go sealadach i gcás méadú suntasach ar an imirce neamhrialta. Ceapadh é mar shásra cosanta i gcoinne mhí-úsáid na ndíolúintí ón gceanglas víosa.

2.1.4. Rinneadh athbhreithniú ar an sásra in 2017 lena dhéanamh níos éasca do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi na himthosca arbh fhéidir fionraíocht a bheith mar thoradh orthu, agus lena chur ar chumas an Choimisiúin an sásra fionraíochta a thionscnamh ar a thionscnamh féin.

2.1.5. Faoin sásra fionraíochta, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1806 ([1]), cumasaítear fionraíocht shealadach na díolúine ón gceanglas víosa i gcás ina dtiocfaidh méadú tobann substaintiúil ar an imirce neamhrialta nó ar rioscaí slándála.

2.1.6. An 30 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir leis an bhfaireachán ar chórais saor ó víosa an Aontais ([2]), ina leagtar amach próiseas comhairliúcháin. Breathnaíodh sa Teachtaireacht ar cé comh maith agus atá córais saor ó víosa an Aontais ag obair agus sainaithníodh na príomhdhúshláin i réimsí na himirce neamhrialta agus na slándála. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an iliomad dúshlán a eascraíonn as córas taistil gan víosa i gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú de shíor, á chur san áireamh an comhairliúchán a rinneadh le Parlaimint na hEorpa, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile, is é is aidhm don togra sin an sásra fionraíochta a oiriúnú do dhúshláin den sórt sin trí na forálacha ábhartha a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1806 a leasú.

2.1.7. Tacaíonn CESE leis an smaoineamh gur cheart don Aontas a bheith go hiomlán ullamh chun freagairt go pras do raon leathan rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha. Creideann sé freisin gur cheart athmheasúnú agus feabhsú a dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1806 (an 'Rialachán Víosaí'), maidir le faireachán a dhéanamh ar a fheabhas atá socruithe gan víosa le tríú tíortha ag feidhmiú agus maidir le díolúintí ón gceanglas víosa a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil méadú tagtha ar an imirce neamhrialta nó ar na rioscaí slándála ('an sásra fionraíochta víosaí').

2.1.8. Measann CESE gur cheart iarrachtaí a dhéanamh chun soiléiriú a thabhairt ar na critéir a bhaineann leis an sásra a thionscnamh agus, ag an am céanna, a áirithiú go bhfuil siad solúbtha go leor chun gur féidir iad a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go tapa i gcás inar gá. Chuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán a eascraíonn as córas taistil gan víosa i gcomhthéacs geopholaitiúil a bhíonn ag síorathrú.

2.2. ***Barúlacha ginearálta***

2.2.1. Aithníonn CESE na buntáistí a bhaineann le córas taistil gan víosa do shaoránaigh ar an dá thaobh de na socruithe sin agus na héifeachtaí dearfacha a bhaineann leis maidir le caidreamh an Aontais lena chomhpháirtithe a neartú tuilleadh. Is rud é córas taistil gan víosa a chuireann borradh faoin earnáil taistil agus turasóireachta, a chuireann malartuithe cultúrtha agus acadúla chun cinn, a théann chun tairbhe réimse na nuálaíochta agus na teicneolaíochta agus a fheabhsaíonn an caidreamh taidhleoireachta agus an comhar idirnáisiúnta.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (códú) (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39).

([2]) COM/2023/297 final.

2.2.2. Ag an am céanna, cuireann CESE in iúl na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na socruithe sin, eadhon na dúshláin shuntasacha imirce agus slándála a d'fhéadfadh a bheith ann. Ar ndóigh, i gcás ina bhfuil méadú ar imirce neamhrialta mar thoradh ar rófhanacht taistealaithe gan víosa nó mar thoradh ar líon ard iarratas ar thearmann a bheith á gcur isteach ag náisiúnaigh as tríú tíortha gan víosa a mbíonn rátaí ísle ratha orthu, is léir nach mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na socruithe gan víosa don tríú tír áirithe sin agus, b'fhéidir, iad a athbhreithniú nó iad a chur ar fionraí.

2.2.3. Aithníonn CESE go raibh tionchar as cuimse ag teagmhais gheopholaitiúla a tharla le déanaí ar shlándáil an Aontais agus ar a theorainneacha seachtracha, rud a léiríonn go bhféadfadh gníomhaíochtaí gníomhaithe eachtracha áirithe a bheith ina mbagairtí tromchúiseacha ar leasanna slándála an Aontais.

2.2.4. Creideann CESE, cé gur léir go gcosnaítear na Ballstáit ar bhagairtí slándála leis an sásra fionraíochta, nach mór a bheith an-cháiréiseach agus úsáid á baint as chun a áirithiú nach n-úsáidfidh roinnt Ballstát é go treallach.

2.2.5. I gcás ina bhfuil breithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún i dtaobh an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí nó i gcás ina n-eisíonn Ballstát fógra, ba cheart an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfionraí ar náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann a chur san áireamh.

2.2.6. Tacaíonn CESE leis an smaoineamh gur cheart machnamh a dhéanamh ar an sásra fionraíochta a thionscnamh i gcomhthéacs níos leithne chaidreamh an Aontais leis an tríú tír ábhartha agus gur cheart aird ar leith a thabhairt ar chaidreamh taidhleoireachta agus seachtrach an Aontais le tríú tíortha. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na himthosca seo a leanas a bheith ina gcúis leis an sásra a thionscamh: sáruithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha; sáruithe ar chomhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann (lena n-áirítear sáruithe ar an sásra fionraíochta víosaí); gníomhartha naimhdeacha i leith an Aontais nó na mBallstát; agus neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh smachtbhannaí ábhartha an Aontais.

2.2.7. Measann CESE gur cheart aird ar leith a thabhairt ar léirmhínithe éagsúla a sheachaint agus ar an mbaol go mbeadh cleachtais éagsúla ann maidir leis an sásra fionraíochta a thionscnamh nó a chur i bhfeidhm.

2.2.8. Molann CESE don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá, ar an gcomhréireacht agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí, á gcur san áireamh caidreamh foriomlán an Aontais agus a Bhallstát leis an tríú tír lena mbaineann, a oiriúnaí a bheadh fionraíocht chun an cás a leigheas, agus an tionchar a bheadh ag an bhfionraíocht sin ar chearta náisiúnaigh na tíre lena mbaineann, go háirithe na rioscaí do chosantóirí chearta an duine.

2.2.9. Measann CESE gur riosca do bheartas poiblí agus do shlándáil inmheánach na mBallstát iad scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí arb iad tríú tíortha a bhfuil córas taistil gan víosa acu a oibríonn na scéimeanna sin. Agus easpa seiceálacha cuimsitheacha slándála, nósanna imeachta agus dícheall cuí ann, tá roinnt rioscaí tromchúiseacha slándála ann do shaoránaigh an Aontais, amhail na rioscaí sin a eascraíonn as sciúradh airgid agus éilliú. Chun cosc a chur ar rochtain gan víosa ar an Aontas a bheith á húsáid chuige sin, ba cheart é a bheith indéanta an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do thríú tíortha a roghnaíonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí den sórt sin a oibriú, i gcás ina ndeonaítear saoránacht gan aon fhíornasc leis an tír lena mbaineann.

2.3. ***Barúlacha sonracha***

2.3.1. Molann CESE faireachán/cumarsáid mhéadaithe a dhéanamh le tíortha a ghlacann scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí chun easnaimh sna nósanna imeachta a úsáideann siad a bhrath agus, ag an am céanna, na tíortha sin a spreagadh chun deireadh a chur leis na cineálacha sin nósanna imeachta eadóirseachta.

2.3.2. Dar le CESE, i gcás ina dtionscnaítear an sásra fionraíochta, gur cheart don Aontas cosaint a thairiscint (agus measúnú cúramach a dhéanamh, á chur san áireamh nach mór an tslándáil a áirithiú san Aontas Eorpach) do chatagóirí áirithe daoine, amhail gníomhaithe sibhialta agus gníomhaithe ar son chearta an duine, daoine leochaileacha a eisiadh nó a ionchúisíodh i dtríú tíortha (daoine faoi mhíchumas, daoine as an bpobal LGBTIQ+, etc.) agus mic léinn/daoine den lucht acadúil ar mian leo taisteal ar chúiseanna gairmiúla agus a d'fhéadfadh cur leis an bhforbairt theicniúil agus leis an nuálaíocht san Aontas.

2.3.3. Measann CESE gur cheart aird a thabhairt ar riachtanais soghluaisteachta chosantóirí chearta an duine, go háirithe má théann staid chearta an duine in olcas sa tríú tír lena mbaineann, agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann dá gcuid oibre agus dá slándáil phearsanta dá dtionscnófaí an sásra fionraíochta i gcoinne a dtíre. Níor cheart gníomhaithe ar son chearta an duine a chur i mbaol mar gheall ar an sásra fionraíochta ná mar gheall ar an gcóras taistil gan víosa a fhoirceannadh go buan.

2.3.4. Ós rud é go bhfuil méadú ar na rioscaí a bhaineann le hobair na ngardaí teorann, toisc an obair sin a bheith ag dul i ndéine, cuireann CESE i bhfáth gur cheart acmhainní na n-údarás sin a mhéadú le go bhféadfaidh siad a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach.

2.3.5. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá don Aontas, ina bheartas maidir le díolúine ón gceanglas víosaí agus bunaithe ar a bheartas maidir le cearta an duine a urramú, tús áite a thabhairt do na tíortha is iarrthóirí, do na tíortha lena roinneann sé prionsabail agus luachanna agus do na tíortha lena bhfuil comhaontuithe aige bunaithe ar an gclásal daonlathach. Ba cheart an beartas a bheith comhleanúnach agus bunaithe ar leasanna an Aontais agus ar chritéir oibiachtúla. Níor cheart idirdhealú éagórach a bheith mar thoradh air. Ar an gcaoi sin, agus i gcomhréir le toradh na vótála a rinneadh ar an ábhar sin i gCoiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún bealach a lorg chun Eacuadór a áireamh in Iarscríbhinn II (liosta de na tíortha nach mbaineann ceanglas víosa leo) de Rialachán (AE) 2018/1806 a luaithe is féidir, roimh dheireadh an téarma oifige seo más féidir, ós rud é gur gearradh pionós éagórach ar Eacuadór mar gheall ar chás nach raibh aon bhaint aige le fiúntas na tíre.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE